Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10862 – OLIN / MITSUI / BWA JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 448/09)

1. An 17 Samhain 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Olin Corporation ("Olin", na Stáit Aontaithe),

— Mitsui & Co., Ltd ("Mitsui", an tSeapáin),

— The Blue Water Alliance Joint Venture ("BWA JV", an Ríocht Aontaithe), comhfhiontar nuachruthaithe.

Gheobhaidh Olim agus Mitsui rialú comhpháirteach ar BWA JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus dáileoir domhanda táirgí ceimiceacha agus monaróir armlóin é Olin. Áirítear ar na táirgí ceimiceacha a tháirgeann Olin clóirín, déchlóiríd eitiléine agus sóid loiscneach, vinilí, eapocsaigh, orgánaigh chlóirínithe, tuarthóir, agus aigéad hidreaclórach,

— is cuideachta thrádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadal é Mitsui a oibríonn ar fud an domhain trí na deighleoga oibríochta seo a leanas: (i) acmhainní mianra agus miotail; (ii) fuinneamh; (iii) meaisínre agus bonneagar; (iv) ceimiceáin; (v) táirgí iarainn agus cruach; (vi) nós maireachtála; (vii) nuálaíocht agus forbairt chorparáideach,

— beidh BWA JV gníomhach i soláthar, díol agus margaíocht sóide loiscní agus déchlóiríde eitiléine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10862 – OLIN / MITSUI / BWA JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË